CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

**PREASEISIÚINT Uimh. 44/26**

**Lucsamburg, 20 Márta 2026**

# Staitisticí breithiúnacha 2025: leibhéal an-ard gníomhaíochta lena ngabhann laghdú ar fhad na n-imeachtaí

## An Chúirt Bhreithiúnais

• **Leanadh de líon ard cásanna a thabhairt** in ainneoin 65 iarraidh ar réamhrialú a bheith tarchurtha chuig an gCúirt Ghinearálta.

• **Dianghníomhaíocht bhreithiúnach inar dúnadh roinnt cásanna gar don líon a cláraíodh ó 2021 i leith** (seachas 2024, bliain d'athnuachan páirteach as ar eascair dúnadh líon thar a bheith ard cásanna mar ábhar tosaíochta).

• **Tháinig laghdú ar mheánfhad na n-imeachtaí** (16.7 mí i gcomparáid le 17.7 mí in 2024).

• Líon suntasach iarrataí ar réamhrialuithe ón **Iodáil** agus ón **bPolainn**.

## An Chúirt Ghinearálta

• **An líon is airde cásanna dúnta i stair na cúirte** i mbliain féilire.

• **An líon cásanna isteach is airde riamh ach laghdú ar an riaráiste** go dtí an leibhéal is ísle le 18 mbliana anuas.

• **Laghdú suntasach ar mheánfhad na n-imeachtaí** (16 i gcomparáid le 18.5 mí in 2024).

Ba é 1 878 an líon cásanna a tugadh os comhair an dá chúirt in 2025 (1 706 in 2024).

A mhéid a bhaineann le líon na gcásanna ar déileáladh leo, dhún an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta 1 898 gcás san iomlán in 2025, agus tugadh faoi deara go gcuirtear san áireamh sa mhiondealú sin sraith 404 chás uamtha, arb ionann iad go bunúsach, mar chás aonair (mar chomparáid: dúnadh 1 784 chás in 2024, figiúr a bhí eisceachtúil cheana féin i gcomparáid leis na blianta roimhe sin; 1 687 in 2023 agus 1 666 in 2022).

Is é 2 489 líon na gcásanna atá ar feitheamh os comhair an dá chúirt, rud a dheimhníonn an laghdú a tugadh faoi deara anuraidh (2 509 in 2024 i gcomparáid le 2 587 in 2023).

**Éabhlóid ghinearálta ghníomhaíocht bhreithiúnach na hInstitiúide (2021-2025)**




| Forléargas ginearálta | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|---|
| Cásanna a tugadh | 1 720 | 1 710 | 1 689 | 1 706 | 1 878 |
| Cásanna dúnta | 1 723 | 1 666 | 1 687 | 1 784 | 1 898 |
| Cásanna ar feitheamh | 2 541 | 2 585 | 2 587 | 2 509 | 2 489 |

## An Chúirt Bhreithiúnais

Tá líon suntasach cásanna nua ag teacht isteach le bliain anuas, agus tugadh **889 gcás** isteach. Is laghdú beag é sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, nuair a comhdaíodh 920 cás. In éagmais an athchóirithe ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, áfach, lenar aistríodh dlínse na Cúirte Breithiúnais chun réamhrialuithe a thabhairt chuig an gCúirt Ghinearálta i sé ábhar shonracha, thabharfaí 954 chás os comhair na Cúirte Breithiúnais anuraidh, atá gar don líon ba mhó riamh a baineadh amach in 2019, nuair a cláraíodh 966 chás.

D'eascair dianghníomhaíocht bhreithiúnach as 2025 freisin, agus dhún an Chúirt Bhreithiúnais **774 chás**, líon atá inchomparáide leis na blianta roimhe sin (792 in 2020, 772 in 2021, 808 in 2022 agus 783 in 2023), cé is moite de 2024, a raibh a dtoradh (862 chás) nasctha leis an ngá atá le líon suntasach cásanna a dhúnadh roimh imeacht breithiúna a raibh deireadh a dtéarma oifige bainte amach acu.

Ba é **meánfhad na n-imeachtaí** ná 16.7 mí do gach cineál cáis, i gcomparáid le 17.7 mí sa bhliain roimhe sin. Baineann an laghdú le gach cineál cáis: ó 17.2 go 16.9 mí le haghaidh cásanna réamhrialaithe, ó 21.5 go 20 mí le haghaidh caingne díreacha agus ó 18.4 go 15.1 mí le haghaidh achomharc.

Mar thoradh ar an éagothroime idir líon na gcásanna a tugadh isteach agus líon na gcásanna a dúnadh, tháinig méadú ar líon na gcásanna a bhí ar feitheamh an 31 Nollaig 2025 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. 1 322 chás a bhí i gceist leis sin, i gcomparáid le 1 207 an bhliain roimhe sin.

### Gníomhaíocht ghinearálta na Cúirte Breithiúnais: cásanna a tugadh, a dúnadh, ar feitheamh (2021-2025)




| Forléargas ginearálta | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 |
|---|---|---|---|---|---|
| Cásanna a tugadh | 838 | 806 | 821 | 920 | 889 |
| Cásanna dúnta | 772 | 808 | 783 | 862 | 774 |
| Cásanna ar feitheamh | 1 113 | 1 111 | 1 149 | 1 207 | 1 322 |

**Tarchur chun réamhrialú chuig an gCúirt Bhreithiúnais ó chúirteanna na mBallstát (2025)**



| BE | BG | CZ | DK | DE | EE | IE | EL | ES | FR | HR | IT | CY | LV | LT | LU | HU | MT | NL | AT | PL | PT | RO | SI | SK | FI | SE | Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 33 | 42 | 6 | 7 | 61 | 1 | 9 | 10 | 26 | 17 | 1 | 110 | 0 | 6 | 15 | 1 | 19 | 1 | 35 | 47 | 63 | 17 | 31 | 4 | 9 | 3 | 5 | 1 [1] | **580** |

Léirítear in anailís ar thionscnamh geografach na n-iarrataí ar réamhrialú a seoladh chuig an gCúirt Bhreithiúnais in 2025 go dtagann siad ó bheagnach gach Ballstát, le líon suntasach iarrataí ar réamhrialú ó chúirteanna **na hIodáile** (110

iarraidh) agus **na Polainne** (63 iarraidh) [2].

## An Chúirt Ghinearálta

In 2025, dhún an Chúirt Ghinearálta an líon is mó cásanna ina stair i mbliain féilire. D'ainneoin an líon cásanna isteach is airde riamh, laghdaigh sé a stoc cásanna atá ar feitheamh go dtí an leibhéal is ísle le 18 mbliana anuas.

Agus **989** gcás nua tugtha isteach agus méadú **26 %** tagtha orthu i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, bhí an leibhéal is airde cásanna nua i stair na Cúirte Ginearálta. Fiú má fhágtar ar leataobh na 65 iarraidh ar réamhrialú a rinneadh sna réimsí a aistríodh chuig an gCúirt Ghinearálta ag deireadh 2024, is mó líon na 924 chaingean dhíreacha agus nós imeachta speisialta ná líon na gcúig bliana deireanacha.

**A mhéid a bhaineann le caingne díreacha,** tháinig laghdú beag ar líon na gcásanna a tugadh i ndáil le díospóidí a bhaineann le cearta **maoine intleachtúla** (257 i gcomparáid le 268 in 2024, titim de 4 %).

Tháinig méadú suntasach ar **chásanna státseirbhíse** a tugadh isteach in 2025 (109 i gcomparáid le 76 in 2024, méadú 43 %). Is é sin 11 % de na cásanna uile a tugadh isteach in 2025.

I réimse na **Státchabhrach**, tá líon na gcásanna a tugadh isteach in 2025 (27) – cé go bhfuil sé beagán níos airde ná mar a bhí in 2024 (23) – fós faoi bhun na leibhéal ard a d'fhéadfadh a bheith ag an gCúirt Ghinearálta san am a chuaigh thart. Ar deireadh, tá cásanna **iomaíochta** fós ar an leibhéal céanna agus a bhí in 2023 agus 2024, agus 12 chás nua ann in 2025.

Lean dlíthíocht maidir le **bearta sriantacha** de bheith ag cur le gníomhaíocht na Cúirte Ginearálta, agus tugadh 105 chás nua isteach in 2025 (i gcomparáid le 63 chás in 2024). Baineann formhór mór na gcásanna nua sa réimse sin (84 as 105) leis an tsraith beart sriantach a ghlac an tAontas Eorpach i ndáil le cogadh na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na bearta sin a eascraíonn as rannpháirtíocht na Bealarúise, an staid sa Mholdóiv, tacaíocht mhíleata na hIaráine don Rúis nó a gníomhaíochtaí díchobhsaitheacha atá dírithe ar an Aontas nó ar a Bhallstáit.

Tá laghdú mór ag teacht i gcónaí ar chásanna a bhaineann leis an **mbeartas eacnamaíoch** agus **airgeadaíochta**, lena n-áirítear an dlí baincéireachta (12 chaingean a tugadh agus cás achomhairc amháin a tharchuir an Chúirt Bhreithiúnais ar ais in 2025 i gcomparáid le 33 chás a tugadh in 2024 agus 56 chás in 2023).

Ba é 1 527 líon comhlán **na gcásanna a dúnadh** in 2025, ach má áirítear mar aonad aonair an tsraith 404 chás, arb ionann iad go bunúsach, a tugadh isteach i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus a dúnadh i mí na Nollag 2025 (T-620/23 go T-1023/23), is é 1 124 atá ann fós, méadú 22 % i gcomparáid le 2024. **Is é sin an leibhéal is airde i stair na Cúirte Ginearálta**, i bhfad níos airde ná an taifead roimhe sin de 1009 gcás dúnta, a théann siar go 2018.

D'ainneoin insreabhadh cásanna nua nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, d'éirigh leis an gCúirt Ghinearálta, dá bhrí sin, **a stoc cásanna atá ar feitheamh a laghdú** go 1 167, an leibhéal is ísle ó 2007 i leith. Mar thoradh ar na hiarrachtaí

Tá **laghdú suntasach tagtha ar fhad na n-imeachtaí** mar thoradh ar na hiarrachtaí. Cé gurb é 18.9 mí an tréimhse sin i sonraí loma, is é 16 mhí an tréimhse iarbhír (i gcomparáid le 18.5 mí in 2024) má áirítear an grúpa 404 chás atá comhionann go bunúsach dá dtagraítear thuas mar chás aonair.

### Gníomhaíocht ghinearálta na Cúirte Ginearálta: cásanna a tugadh, a dúnadh, ar feitheamh (2021-2025)




| **Forbhreathnú ginearálta** | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** |
|---|---|---|---|---|---|
| Cásanna a tugadh | 882 | 904 | 868 | 786 | 989 |
| Cásanna dúnta | 951 | 858 | 904 | 922 | 1124 |
| Cásanna ar feitheamh | 1 428 | 1 474 | 1 438 | 1 302 | 1 167 |

**Maidir leis na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú**, is í 2025 an chéad bhliain iomlán ó rinneadh athchóiriú ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, lenar aistríodh dlínse na Cúirte Breithiúnais chun réamhrialuithe a thabhairt chuig an gCúirt Ghinearálta i sé ábhar shonracha.

Cuireadh 65 iarraidh ar réamhrialú faoi bhráid na Cúirte Ginearálta sna hábhair a thagann faoina dlínse. Baineann 24 díobh sin leis an gcomhchóras cánach breisluacha (CBL), 18 gcúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil nó i gcás ina gcuirfear moill ar sheirbhísí iompair nó i gcás ina gcuirfear ar ceal iad, 8 an Cód Custaim, 7 ndleachtanna máil, 7 rangú taraife earraí san Ainmníocht Chomhcheangailte agus scéim i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa.

Tháinig na hiarrataí ar réamhrialú ó 17 mBallstát éagsúla. Ba í an Ghearmáin, le 21 tharchur, a chuir an líon is mó ar fáil, agus an Ostair agus an Pholainn ina dhiaidh sin, le 7 dtarchur, agus an Bhulgáir, le 6 tharchur. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go ndearna 13 chúirt uachtaracha, ó 13 Bhallstát éagsúla, tarchuir a thagann faoi dhlínse na Cúirte Ginearálta.

**Tarchur chun réamhrialú arna dtarchur chuig an gCúirt Ghinearálta (2025)**




| BE | BG | DK | DE | EL | ES | IT | LV | LT | HU | NL | AT | PL | PT | RO | FI | SE | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 4 | 6 | 2 | 21 | 1 | 1 | 1 | 1 | 2 | 3 | 2 | 7 | 7 | 2 | 3 | 1 | 1 | **65** |

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Cás C-682/25, *Crossryn* (High Court of Justice, Londain).

[2] Mínítear an líon ard tagairtí a rinne cúirteanna na hIodáile, den chuid is mó, leis na ceisteanna a d'ardaigh na cúirteanna sin maidir le léiriú fhorálacha Treoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar agus, go háirithe, leis an léiriú atá le tabhairt ar an gcoincheap 'tír shábháilte thionscnaimh'. Baineann na tagairtí a rinne cúirteanna na Polainne, den chuid is mó, le léiriú fhorálacha Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra nó Threoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa do thomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ón gComhairle.